

CARRAIGREACHA RUISÍN A' BHOLGÁIN.

Carraig Téagair, Carraig a' tSruith, Carraig Pheadair atá i lár an tsruith, carraig na heirimirte (eirimir- timpirt), carraig Chuilm, carraig a Spiocáin in áit a bhfuil spiocán bán ina mullach, carraig na gClochartach, Leacreacha Clann Philipe. Bhí fear in bhFidh Inis, Philip a bhí air. Bhí mac agus ingean aige. Tháinig an mac agus an ingean amach i mbád lá go Róisín a' Bholgáin ag baint feamainne duibhe. Bhí an bád ar leac aca agus iad féin a bainnt na feamainne ar an leic. D'ímtigh an bád den leic gaith aduaidh a bhí ann. Leann an mac an bád sa snamh agus báthadh é . Báthadh an ingean ar an leic nuair nár tháinig aon duine a thógadh í sul má tháinig an taoille. Leacreacha Clann Philipe ar an áit.

Chonnaic mé féin beirt stócach as Fiodh Inis ar na leacreacha céadna ar imtigh bád uatha. Chuala mé féin a' bhéiceadhach iad. Bhí athair duine aca i aice na háite agus d'innis mé dó go raibh duine eicéint a' béiceadhac. Chuaidh an bheirt againn síos. Bhí bád iomartha tuithe i gcéibh an Chrompáin agus bhuail muid dhá bhuille iomartha uirthi agus ní raibh ann ach go raibh muid i n-am.

Nuair a thigeadh an tonn isteach bhogadh sé den leic iad. Bhí siad ina suidhe agus greim aca ar an bhfeamainn. Thóg muid den leic iad de Chlann Mhac Con Iomaire stócach aca agus de Clann Mhac Uí Mhaoilch Chiaráin an stócach eile. Bhíodar buidheach díomsa.

8/3/32.